**<u>EISIÚINT NUACHTA</u>**
**an 23 Iúil 2025**

**Nuashonrú ar an gClár Athluachála Náisiúnta: Tá tús curtha go hoifigiúil le hathluacháil maoine tráchtála agus tionsclaíche i limistéir Údarás Rátúcháin Chomhairle Contae Chorcaí agus Chomhairle Cathrach Chorcaí (Athluacháil 2027) tar éis Orduithe Luachála do dhéanamh ag Príomhoifigeach Oibríochtaí (Luacháil) Tailte Éireann.**

**Eisíodh iarrataí ar fhaisnéis atá le tabhairt ar ais trí thairseach ar líne Tailte Éireann chuig íocóirí rátaí Tráchtála agus Tionsclaíocha i limistéir Údarás Rátúcháin Chomhairle Contae Chorcaí agus Chomhairle Cathrach Chorcaí.**

**Le hathluacháil cuirfear le cothromas, aonfhoirmeacht agus trédhearcacht chóras Rátúcháin na nÚdarás Áitiúil**

Tugaim, Colm Lavery, Príomhoifigeach Oibríochtaí (Luacháil), fógra leis seo gur thug mé, an 23 Iúil 2025, orduithe luachála faoi alt 19 den Acht Luachála, 2001 arna leasú le halt 7 den Acht Luachála (Leasú), 2015 do limistéir údaráis rátúcháin Chomhairle Contae Chorcaí agus Chomhairle Cathrach Chorcaí. Tús oifigiúil le hathluacháil na maoine tráchtála agus tionsclaíche go léir chun críocha rátúcháin sna limistéir údaráis rátúcháin seo atá sna horduithe seo. Is cloch mhíle thábhachtach í seo maidir le hathluacháil do dhéanamh ar gach maoin nach tí í, maoin atá ar bun faoi láthair trí chlár ar a dtugtar an Clár Athluachála Náisiúnta.

Ba chóir go bhfaigheadh áititheoirí maoine inrátaithe sna limistéir údaráis rátúcháin sin iarratas go luath chun faisnéis a chur isteach faoina maoin inrátaithe, lena n-áirítear a húsáid agus sonraí cíosa, i gcás ina bhfuil sí ar cíos. Ceanglaítear ar áititheoirí an fhaisnéis seo a sholáthar do Thailte Éireann tríd an Tairseach Ar Líne. Tá an fhaisnéis a chuirfear ar fáil ríthábhachtach don phróiseas athluachála.

Déanfar na hathluachálacha de réir fhorálacha na nAchtanna Luachála 2001, arna leasú, agus is cuid den chlár náisiúnta iad chun luacháil inrátaithe gach maoine tráchtála agus tionsclaíche sa Stát a thabhairt suas chun dáta. Táthar tar éis an clár a thabhairt chun críche cheana féin i limistéir údaráis rátúcháin Cheatharlach, an Chabháin, an Chláir, Dhún na nGall, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall, Gaillimh, Ciarraí, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laoise, Liatroma, Longfoirt, Lú, Maigh Eo, na Mí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Shligeach, Deisceart Bhaile Átha Cliath, Thiobraid Árann, na hIarmhí, Loch Garman agus Chill Mhantáin, agus i limistéir údaráis rátúcháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

Rinneadh foráil maidir le hathluacháil a dhéanamh ar gach maoin nach maoin tí í sa Stát faoin Acht Luachála 2001, arna leasú, ar dtús. Níl maoin chónaithe ná tailte talmhaíochta inrátáilte agus dá bhrí sin ní bheidh tionchar ag an athluacháil orthu.

Cuirfidh an athluacháil luachanna cíosa san áireamh i limistéar d'údaráis áitiúil agus beidh dáileadh níos cothroime ar rátaí tráchtála i measc íocóirí rátaí mar thoradh uirthi. Tá Bainisteoir Luachála ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar luach gach maoine inrátaithe agus luacháil a shocrú i gcomhréir le luachanna cíosa i ngach limistéar údaráis rátúcháin faoi seach ar dháta na luachála an 30 Meitheamh 2025. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar na luachálacha nua an **22[Meán] Fómhair 2027** agus go dtiocfaidh siad i bhfeidhm chun críocha rátúcháin ón **1 Eanáir 2028**.

Tá gá le hathluacháil chun go mbeidh córas rátúcháin na nÚdarás Áitiúil níos cothroime agus níos trédhearcaí. Tar éis athluachála, bíonn gaol i bhfad níos dlúithe agus níos aonfhoirmí idir luachanna cíosa maoine anois agus dliteanas rátaí tráchtála na maoine. Mar thoradh ar an athluacháil, déanfar an dliteanas rátaí tráchtála a athshannadh i measc íocóirí rátaí ag brath ar an *athrú* coibhneasta ar luachanna cíosa a maoine ó thaobh an ghaoil atá eatarthu.

Cé gur féidir go dtiocfaidh méadú nó laghdú ar dhliteanas rátaí áititheora aonair, ní bheidh méadú nó laghdú ann, de thoradh an athluachála, ar ioncam foriomlán an Údaráis Áitiúil ó rátaí tráchtála. Cuirfear uasteorainn ar an ioncam a bheidh ag gach Údaráis Áitiúil atá faoi athluacháil ó rátaí tráchtála sa bhliain tar éis athluachála.

**<u>NÓTA FAISNÉISE DO NA MEÁIN</u>**

Is é Tailte Éireann an ghníomhaireacht Stáit a dhéanann sonraí maoine talún agus sonraí suímh na hÉireann a bhainistiú agus a fhorbairt agus tá sí neamhspleách agus í i mbun a cuid feidhmeanna. Tá foireann luachála TÉ freagrach as Seirbhís Luachála Stáit na hÉireann. Is é an príomhghnó atá aige luacháil a dhéanamh ar mhaoin tráchtála chun críocha rátúcháin. Gearrtar rátaí ag údaráis áitiúla trí thagairt a dhéanamh do luach inrátaithe gach maoine mar a chinneann Tailte Éireann (nó, i gcás achomhairc, ag an mBinse Luachála – féach thíos).

Tá luacháil maoine bunaithe ar luach na cíosa bliantúil ar dháta na luachála. Déantar é seo a iolrú faoin ráta bliantúil ar an luacháil chun méid na rátaí tráchtála is iníoctha in aghaidh na bliana a fháil. Socraíonn gach Údarás Áitiúil an Ráta Bliantúil ar an Luacháil gach bliain.

Féadfaidh áititheoir achomharc a dhéanamh i gcoinne luachála chuig an mBinse Luachála, comhlacht neamhspleách atá bunaithe chun luachálacha is ábhar díospóide a réiteach. Is cinneadh críochnaitheach cinneadh an Bhinse Luachála maidir le méid na luachála. Tá ceart achomhairc breise ann chuig an Ard-Chúirt agus ar deireadh chuig an gCúirt Uachtarach ar phonc dlí.

**Athluacháil 2027: Dátaí Tábhachtacha**

| | |
|---|---|
| 23 Iúil 2025 | Orduithe Luachála do dhéanamh ag an bPríomhoifigeach Oibríochtaí (Luacháil) |
| Ráithe 1 2027 | Eisiúint Deimhnithe Luachála Beartaithe d'íocóirí rátaí sna limistéir údaráis rátúcháin lena mbaineann. Ní mór uiríll a fháil laistigh de 40 lá ón dáta eisiúna |
| 15[Meán] Fómhair 2027 | Eisiúint na nDeimhnithe Luachála |
| 22[Meán] Fómhair 2027 | Foilseofar Liostaí Nua Luachála |
| 1 Eanáir 2028 | Tiocfaidh luachálacha nua i bhfeidhm chun críocha Rátúcháin ar fud na nÚdarás Áitiúil lena mbaineann. |

Ba chóir aon socruithe maidir le hagallaimh a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le communications@tailte.ie

**CRÍOCH**